

## Táin Bó Cuailgne

Bhí Méabh agus a fear céile Aillil I gceannas ar Chúige Chonnacht. Bhí tárbh mór bán ag Aillil. “An Fionnbheannach” ab ainm dó. Bhí Méabh in éad le hAillil de bharr nach raibh tarbh mar sin aici. Bheartaigh sí ar a tarbh féin a fháil.





Ní raibh ach tarbh amháin in Éirinn chomh maith le tarbh Ailill, an Donn Cuailgne. Ba le fear darbh ainm Dáire é. Bhí cónaí ar Dháire i gCuailgne i gCúige Uladh. Ní raibh Dáire sásta an tarbh a thabhairt do Mhéabh. Mar sin chuaigh Mhéabh go Cúige Uladh lena harm chun an tarbh a ghoid.




Z. Aaron

Bhí an Chroabh Rua ag tabhairt aire don Donn Cuailgne. Chuir Méabh draíocht orthu agus thit siad go léir ina gcodladh. Ba é Cú Chulainn an t-aon laoch amháin a bhí ina dhúiseacht. Bhí air Méabh a stopadh.





D'iarr Méabh ar laoch darbh ainm Ferdia dul ag troid le Cú Chulainn .  
Ba chairde an bheirt acu agus mar sin ní raibh said ag iarraidh troid ar  
chor ar bith. Ach ní raibh an dara rogha acu. Chaith said trí lá ag troid  
ag áth in abhainn.



Ar an tríú lá thóg Cú Chulainn amach sleá ghéar dhraíochta darbh aimn an ``Ga Bolga``. Chaith sé í. Chuaigh sí trí chorp Fherdia. Rug Cú Chulainn air agus d'iompair sé é go bruach na habhann. Fuair Ferdia bás ansin. Bhí Cú Chulainn croíbhriste.





Thóg Méabh an Donn Cuailgne ar aon nós agus abhaile léi go Cúige Chonnacht.

